C/2024/7546

23.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11789 – APOLLO / BARNES GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7546)

1. An 16 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Global Management, Inc. ('Apollo', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Barnes Group Inc. ('Barnes', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Apollo rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Barnes ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Apollo a chuireann seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus pleanála airgeadais ar fáil do dhaoine aonair agus d'infheisteoirí institiúideacha. I measc na gcuideachtaí a rialaíonn Apollo tá na trí chuideachta punainne a leanas: Arconic, monaróir alúmanaim domhanda; Tenneco, soláthróir comhpháirteanna mótarfheithiclí; agus ABC Technologies, monaróir páirteanna gluaisteán.

— Is cuideachta phoiblí é Barnes atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Is monaróir domhanda teicneolaíochta tionsclaíche agus aeraspáis é, mar aon le soláthraí seirbhísí. Díríonn a rannán aeraspáis ar chomhpháirteanna agus cóimeálacha a sholáthar do chustaiméirí monaraíochta trealaimh bhunaidh, agus ar sheirbhísí iarmhargaidh. Díríonn a rannán tionsclaíoch ar réitigh mhúnlaithe, táirgí uathoibrithe agus réitigh rialaithe gluaisne a sholáthar, lena n-áirítear trealamh tionsclaíoch, uathoibriú, cúram pearsanta, pacáistiú, leictreonaic, soghluaisteacht agus feistí leighis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11789 – APOLLO / BARNES GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË